Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/6207

13.11.2025

**BREITHIÚNAS NA CÚIRTE**

**an 2 Aibreán 2025**

**i gCás E-21/24**

**Údarás Faireacháin CSTE v an Íoslainn**

*(Mainneachtain Stáit CSTE a oibleagáidí a chomhlíonadh — Mainneachtain cur chun feidhme — Rialachán (AE) 2023/314 — Nósanna imeachta bainistíochta riosca maidir le malartú comhthaobhachta)*

(C/2025/6207)

I gCás E-21/24, Údarás Faireacháin CSTE v an Íoslainn — IARRATAS lena n-iarrtar dearbhú nár ghlac an Íoslainn na bearta is gá chun cuid dá dlíchóras inmheánach a dhéanamh den ghníomh dá dtagraítear i bpointe 31bcs d'Iarscríbhinn IX a ghabhann leis an gComhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch a dhéanamh (Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/314 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/2251 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm nósanna imeachta bainistithe riosca áirithe maidir le malartú comhthaobhachta), arna oiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann leis an gComhaontú, thug an Chúirt, a bhí comhdhéanta de Páll Hreinsson, Uachtarán, Bernd Hammermann (Breitheamh-Rapóirtéir) agus Michael Reiertsen, Breithiúna, breithiúnas an 2 Aibreán 2025, arb é seo a leanas an chuid oibríochtúil de:

Leis seo:

(1) Dearbhaíonn an Chúirt nár chomhlíon an Íoslainn a hoibleagáidí faoi Airteagal 7 de Chomhaontú LEE toisc nach ndearna sí cuid dá dlíchóras inmheánach den Ghníomh dá dtagraítear i bpointe 31bcs d'Iarscríbhinn IX a ghabhann le Comhaontú LEE (Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/314 ón gCoimisiún an 25 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear na caighdeáin theicniúla rialála a leagtar síos i Rialacháin Tharmligthe (AE) 2016/2251 a mhéid a bhaineann le dáta chur i bhfeidhm nósanna imeachta bainistithe riosca áirithe maidir le malartú comhthaobhachta), arna oiriúnú le Prótacal 1 a ghabhann le Comhaontú LEE.

(2) Ordaíonn an Chúirt don Íoslainn costais na n-imeachtaí a iompar.